II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1219 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a mhéid a bhaineann leis an Nigéir agus an Afraic Theas a chur leis an liosta sa tábla i bpointe I den Iarscríbhinn agus a mhéid a bhaineann leis an gCambóid agus Maracó a bhaint den tábla sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór don Aontas a áirithiú go ndéanfar cosaint éifeachtach ar shláine agus ar fheidhmiú cuí a chórais airgeadais agus an mhargaidh inmheánaigh ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta. Dá bhrí sin, foráiltear le Treoir (AE) 2015/849 gur cheart don Choimisiún tríú tíortha ardriosca a shainaithint a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcórais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT), ar bagairtí móra iad ar chóras airgeadais an Aontais.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún ([2]), sainaithnítear tríú tíortha ardriosca a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu.

(3) I bhfianaise leibhéal ard an chomhtháthaithe sa chóras airgeadais idirnáisiúnta, an dlúthnaisc idir oibreoirí margaidh, an líon ard idirbheart trasteorann chuig an Aontas agus ón Aontas, mar aon le leibhéal oscailteachta an mhargaidh, is bagairt ar chóras airgeadais an Aontais í freisin aon bhagairt AML/CFT ar an gcóras airgeadais idirnáisiúnta.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 9(4) de Threoir (AE) 2015/849, cuireann an Coimisiún an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil san áireamh, go háirithe na ráitis phoiblí le déanaí ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF), liosta FATF de 'Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu', agus tuarascálacha FATF ón nGrúpa Athbhreithnithe um Chomhar Idirnáisiúnta i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le tríú tíortha ar leith.

([1]) IO L 141, 5.6.2015, lch. 73.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1).

(5) Ó rinneadh na leasuithe deireanacha ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675, rinne FATF a liosta de 'Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu' a thabhairt cothrom le dáta. Ag an gcruinniú iomlánach a bhí aige i mí Feabhra 2023, chuir FATF an Nigéir agus an Afraic Theas leis an liosta sin agus bhain sé an Chambóid agus Maracó den liosta sin. I bhfianaise na n-athruithe sin, rinne an Coimisiún measúnú le haghaidh tríú tíortha ardriosca a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(6) I mí Feabhra 2023, rinne an Nigéir gealltanas polaitiúil ardleibhéil oibriú le FATF agus le *Groupe Intergouvernemental d'Action contre le Blanchiment d'Argent en Afrique de l'Ouest* (GIABA), arb é a comhlacht réigiúnach de chineál FATF é, chun éifeachtacht a chórais AML/CFT a neartú. Ó glacadh a tuarascáil meastóireachta frithpháirtí i mí Lúnasa 2021, tá dul chun cinn déanta ag an Nigéir maidir le cuid de na gníomhaíochtaí a moladh sa tuarascáil sin chun a córas a fheabhsú, lena n-áirítear trína creat reachtach AML/CFT a fheabhsú agus trí nuashonrú a dhéanamh ar a measúnú ar na rioscaí bunúsacha atá ann ó thaobh sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta/maoiniú leata, agus tá sí tar éis a cur chun feidhme maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a neartú. Oibreoidh an Nigéir chun a plean gníomhaíochta FATF a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) a mheasúnú riosca iarmharaigh maidir le sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chur i gcrích agus a straitéis náisiúnta AML/CFT a thabhairt cothrom le dáta chun ailíniú a áirithiú le straitéisí náisiúnta eile atá ábhartha maidir le coireanna preideacáide ardriosca; (2) feabhas a chur ar chomhar idirnáisiúnta foirmiúil agus neamhfhoirmiúil i gcomhréir leis na rioscaí atá ann ó thaobh sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta; (3) feabhas a chur ar mhaoirseacht rioscabhunaithe AML/CFT ar institiúidí airgeadais agus ar ghnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe, agus feabhas a chur ar chur chun feidhme beart coisctheach le haghaidh earnálacha ardriosca; (4) a áirithiú go mbíonn rochtain thráthúil ag na húdaráis inniúla ar fhaisnéis um úinéireacht thairbhiúil atá cruinn agus cothrom le dáta i ndáil le daoine dlítheanacha, agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe ar oibleagáidí maidir le húinéireacht thairbhiúil; (5) a léiriú go bhfuil méadú ar scaipeadh faisnéise airgeadais ag an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais agus go bhfuil méadú ar an úsáid a bhaineann údaráis forfheidhmithe dlí aisti; (6) a léiriú go bhfuil méadú leanúnach ar imscrúduithe agus ionchúisimh sciúrtha airgid i gcomhréir leis na rioscaí atá ann ó thaobh sciúradh airgid; (7) sáruithe ar oibleagáidí maidir le dearbhú airgeadra a bhrath go réamhghníomhach, agus smachtbhannaí iomchuí a chur i bhfeidhm agus sonraí cuimsitheacha a choinneáil maidir le sócmhainní calctha, urghafa, coigistithe agus diúscartha; (8) a léiriú go bhfuil méadú leanúnach ar imscrúduithe agus ionchúisimh maidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí maoinithe sceimhlitheoireachta i gcomhréir le riosca, agus feabhas a chur ar chomhar idirghníomhaireachta maidir le himscrúduithe maoinithe sceimhlitheoireachta; agus (9) bearta for-rochtana rioscabhunaithe agus spriocdhírithe a dhéanamh i gcás eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá i mbaol de dheasca mí-úsáid maoinithe sceimhlitheoireachta agus faireachán rioscabhunaithe a chur chun feidhme i gcás an fhothacair d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá i mbaol de dheasca mí-úsáid maoinithe sceimhlitheoireachta ach é sin gan cur isteach ná díspreagadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dlisteanacha de chuid eagraíochtaí neamhbhrabúsacha.

(7) I mí Feabhra 2023, rinne an Afraic Theas gealltanas polaitiúil ardleibhéil chun oibriú le FATF agus le Grúpa Oirthear agus Dheisceart na hAfraice um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ESAAMLG), arb é a comhlacht réigiúnach de chineál FATF é, chun éifeachtacht a córais AML/CFT a neartú. Ó glacadh a tuarascáil meastóireachta frithpháirtí i mí an Mheithimh 2021, tá dul chun cinn mór déanta ag an Afraic Theas maidir le go leor de na gníomhaíochtaí a moladh sa tuarascáil sin chun feabhas a chur ar a chóras, lena n-áirítear trí bheartais náisiúnta AML/CFT a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí níos airde agus leasú nua a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe, i measc nithe eile. Oibreoidh an Afraic Theas chun a plean gníomhaíochta FATF a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) a léiriú go bhfuil méadú leanúnach ar iarrataí amach ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach lena gcuidítear chun éascaíocht a dhéanamh ar imscrúduithe maidir le sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta agus ar choigistithe de chineálacha éagsúla sócmhainní i gcomhréir lena próifíl riosca; (2) feabhas a chur ar an maoirseacht rioscabhunaithe ar ghnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe, agus a léiriú go gcuireann na maoirseoirí AML/CFT uile smachtbhannaí comhréireacha agus éifeachtacha i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonta; (3) a áirithiú go mbíonn rochtain thráthúil ag na húdaráis inniúla ar fhaisnéis um úinéireacht thairbhiúil atá cruinn agus cothrom le dáta i ndáil le daoine dlítheanacha agus socruithe, agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe ar oibleagáidí maidir le húinéireacht thairbhiúil; (4) a léiriú go bhfuil méadú leanúnach ar iarrataí ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis airgeadais ón Lárionad um Fhaisnéis Airgeadais le haghaidh a chuid imscrúduithe maidir le sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta; (5) a léiriú go bhfuil méadú leanúnach ar imscrúduithe agus ionchúisimh maidir le sciúradh airgid tromchúiseach agus casta agus maidir leis an raon iomlán gníomhaíochtaí maoinithe sceimhlitheoireachta i gcomhréir lena próifíl riosca; (6) feabhas a chur ar shainaithint, urghabháil agus coigistiú fáltas agus ionstraimeachtaí a eascraíonn as raon níos leithne coireanna preideacáide, i gcomhréir lena próifíl riosca; (7) a mheasúnú riosca maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta a thabhairt cothrom le dáta chun bonn eolais a chur faoin gcur chun feidhme a dhéanfar ar straitéis chuimsitheach náisiúnta in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta; agus (8) a áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe chun feidhme go héifeachtach agus sásra éifeachtach a léiriú chun daoine aonair agus eintitis a chomhlíonann na critéir maidir le hainmniú intíre a shainaithint.

(8) Dá bhrí sin, is é conclúid mheasúnú an Choimisiúin gur cheart a mheas go bhfuil an Nigéir agus an Afraic Theas ina ndlínsí tríú tír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcórais AML/CFT, ar easnaimh iad atá ina mbagairtí móra ar chóras airgeadais an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Nigéir agus an Afraic Theas a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675.

(9) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar easnaimh straitéiseacha na Cambóide agus Mharacó. Is tíortha iad sin a liostaítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ach a baineadh de liosta FATF de 'Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu' i mí Feabhra 2023.

(10) Ba dhíol sásaimh do FATF an dul chun cinn mór a rinne an Chambóid agus Maracó maidir le feabhas a chur ar a gcórais AML/CFT agus thug FATF dá aire gur bhunaigh na tíortha sin creataí dlíthiúla agus rialála chun na gealltanais ina bpleananna gníomhaíochta faoi seach maidir leis na heasnaimh straitéiseacha arna sainaithint ag FATF a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, níl an Chambóid agus Maracó faoi réir phróiseas faireacháin FATF a thuilleadh faoina phróiseas leanúnach domhanda comhlíontachta AML/CFT agus leanfaidh siad de bheith ag obair lena gcomhlachtaí réigiúnacha de chineál FATF chun a gcórais AML/CFT a neartú a thuilleadh.

(11) Ó tharla gur neartaigh an Chambóid agus Maracó éifeachtacht a gcuid córas AML/CFT agus gur thug siad aghaidh ar easnaimh theicniúla chun na gealltanais ina bpleananna gníomhaíochta maidir leis na heasnaimh straitéiseacha arna sainaithint ag FATF a chomhlíonadh, mar thoradh ar mheasúnú an Choimisiúin ar an bhfaisnéis atá ar fáil tá sé den tuairim nach bhfuil easnaimh straitéiseacha ag an gCambóid agus Maracó a thuilleadh ina gcórais AML/CFT. Dá bhrí sin, is iomchuí an Chambóid agus Maracó a bhaint den tábla i bpointe I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar an tábla i bpointe I san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a ionadú leis an tábla atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

‘Uimh.	Tríú tír ardriosca ([1])
1	An Afganastáin
2	Barbadós
3	Buircíne Fasó
4	Oileáin Cayman
5	Poblacht Dhaonlathach an Chongó
6	Giobráltar
7	Háití
8	Iamáice
9	An Iordáin
10	Mailí
11	Mósaimbíc
12	Maenmar
13	An Nigéir
14	Panama
15	Na hOileáin Fhilipíneacha
16	An tSeineagáil
17	An Afraic Theas
18	An tSúdáin Theas
19	An tSiria
20	An Tansáin
21	Oileán na Tríonóide agus Tobága
22	Uganda
23	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
24	Vanuatú
25	Éimin

([1]) Gan dochar do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne maidir le ceannasacht agus dlínse i ndáil le críoch Ghiobráltar.’